Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2025 (OR. en)**

**10300/25**
**ADD 10**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0162(NLE)**

**AELE 53**
**CH 19**
**MI 400**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 309 iarscríbhinn |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir le tabhairt i gcrích pacáiste leathain comhaontuithe chun an caidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 309 - Iarscríbhinn 10.

---

Encl.: COM(2025) 309 iarscríbhinn

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.6.2025
COM(2025) 309 final

ANNEX 10

# IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an*

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir le tabhairt i gcrích pacáiste leathain comhaontuithe chun an caidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú**

COMHAONTÚ

IDIR AN tAONTAS EORPACH

AGUS CÓNAIDHM NA hEILVÉISE

MAIDIR LEIS NA TÉARMAÍ AGUS NA COINNÍOLLACHA

A BHAINEANN LE RANNPHÁIRTÍOCHT CHÓNAIDHM NA hEILVÉISE

I nGNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM AN gCLÁR SPÁIS

TÁ AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear ‘an tAontas’ anseo feasta, de pháirt,

agus

CÓNAIDHM NA hEILVÉISE, dár ngairtear ‘an Eilvéis’ anseo feasta, den pháirt eile,

dá ngairtear ‘na Páirtithe Conarthacha’ anseo feasta,

AG FÉACHAINT DO Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (dá ngairtear an ‘Rialachán’ anseo feasta),

ÓS RUD É, de bhun Airteagal 98 den Rialachán, gur cheart Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (dá ngairtear ‘an Ghníomhaireacht’ anseo feasta) a bheith oscailte do rannpháirtíocht tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta agus gur cheart, dá bhrí sin, an rannpháirtíocht sin agus na coinníollacha a bhunú i gcomhaontú arna thabhairt i gcrích chuige sin leis an Aontas Eorpach,

[1] Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj).

AG AITHINT DÓIBH go bhfuil an Eilvéis rannpháirteach agus go rannchuidíonn sí le cláir an Chórais Eorpaigh um Loingseoireacht Satailíte Dhomhanda (dá ngairtear 'GNSS' anseo feasta) de bhun an Chomhaontaithe Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir leis na Cláir Eorpacha um Loingseoireacht Satailíte, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 18 Nollaig 2013 (dá ngairtear an 'Comhaontú Comhair' anseo feasta) a bhfuil feidhm shealadach aige ón 1 Eanáir 2014,

AG MEABHRÚ DÓIBH go luaitear in Airteagal 16 den Chomhaontú Comhair gur cheart an ceart a bheith ag an Eilvéis a bheith rannpháirteach sa Ghníomhaireacht faoi na coinníollacha a leagfar síos i gComhaontú idir an tAontas agus an Eilvéis,

AG AITHINT DÓIBH go bhfuil comhaontú tugtha i gcrích ag an Aontas agus ag an Eilvéis maidir leis na nósanna imeachta slándála chun faisnéis rúnaicmithe a mhalartú, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 28 Aibreán 2008,

I bhFIANAISE iarraidh na hEilvéise ar rannpháirtíocht in obair na Gníomhaireachta,

I bhFIANAISE an leasa choitinn a bhaineann le rannpháirtíocht na hEilvéise in obair na Gníomhaireachta,

ÓS MIAN LEO an dlúthchomhar idir an tAontas agus an Eilvéis i réimse na loingseoireachta satailíte a threisiú,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

AIRTEAGAL 1

Méid na rannpháirtíochta

1. Glacfaidh an Eilvéis páirt in obair na Gníomhaireachta agus rannchuideoidh sí le hobair na Gníomhaireachta i ndáil le comhpháirteanna Galileo agus EGNOS de Chlár Spáis an Aontais, i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán, sa Chomhaontú Comhair agus sa Chomhaontú seo.

2. Glacfaidh an Eilvéis páirt in obair na Gníomhaireachta agus rannchuideoidh sí le hobair na Gníomhaireachta i ndáil le comhpháirteanna eile de Chlár Spáis an Aontais má dhéanann an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gcláir an Aontais (dá ngairtear 'an Comhaontú maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir an Aontais' anseo feasta), arna dhéanamh i/in/sa/san ... an …, foráil maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise sna comhpháirteanna sin den chlár sin agus maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise in obair na Gníomhaireachta i ndáil leis na comhpháirteanna sin, i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán, sa Chomhaontú maidir le rannpháirtíocht i gcláir an Aontais agus sa Chomhaontú seo.

AIRTEAGAL 2

An Bord Riaracháin

Glacfaidh ionadaí amháin ón Eilvéis páirt mar bhreathnóir ar Bhord Riaracháin na Gníomhaireachta ach ní bheidh ceart vótála aige agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Riaracháin.

AIRTEAGAL 3

An Bord Creidiúna Slándála

Glacfaidh ionadaí amháin ón Eilvéis páirt mar bhreathnóir ar an mBord um Chreidiúnú Slándála, maidir le hábhair a bhaineann go díreach leis an Eilvéis amháin, gan ceart vótála a bheith aige agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i Rialacha Nós Imeachta an Bhoird um Chreidiúnú Slándála. Na hábhair a bhaineann go díreach leis an Eilvéis, sonrófar iad sa chlár oibre a tharraingeoidh Cathaoirleach an Bhoird um Chreidiúnú Slándála suas roimh gach cruinniú agus a chuirfear in iúl don Eilvéis roimh an gcruinniú.

AIRTEAGAL 4

Rannchuidiú airgeadais

Ranníocfaidh an Eilvéis suim bhliantúil le hioncam na Gníomhaireachta arna ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle a thuairiscítear in Iarscríbhinn I.

AIRTEAGAL 5

Cosaint sonraí

1. Cuirfidh an Eilvéis i bhfeidhm a rialacha náisiúnta maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[1].

2. Chun críoch an Chomhaontaithe seo, beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann an Ghníomhaireacht.

3. Urramóidh an Eilvéis na rialacha maidir le rúndacht doiciméad atá i seilbh na Gníomhaireachta, mar a leagtar amach i Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Riaracháin agus Bhord um Chreidiúnú Slándála na Gníomhaireachta iad

---

1 I bhfianaise Chinneadh 2000/518/CE ón gCoimisiún an 26 Iúil 2000 de bhun Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint leordhóthanach sonraí pearsanta arna soláthar san Eilvéis, (IO L 215, 25.8.2000, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2000/518/oj).

2 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

AIRTEAGAL 6

Stádas dlíthiúil

Aithníonn an Eilvéis pearsantacht dhlítheanach na Gníomhaireachta. Is san Eilvéis a bheidh an inniúlacht dhlítheanach fhairsing is mó a thugtar do dhaoine dlítheanacha faoi dhlí na hEilvéise aici. Féadfaidh sé, go háirithe, maoin shochorraithe agus réadmhaoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus féadfaidh sé a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla.

AIRTEAGAL 7

Dliteanas

Beidh dliteanas na Gníomhaireachta faoi rialú ag Airteagal 97(1), (3) agus (5) den Rialachán.

AIRTEAGAL 8

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

Tabharfaidh an Eilvéis aitheantas do dhlínse Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar an nGníomhaireacht, mar a fhoráiltear in Airteagal 97 (2) agus (4) den Rialachán.

AIRTEAGAL 9

Pribhléidí agus díolúintí

Deonóidh an Eilvéis don Ghníomhaireacht agus dá foireann, faoi chuimsiú a bhfeidhmeanna oifigiúla don Ghníomhaireacht, na pribhléidí agus na díolúintí dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II, atá bunaithe ar Airteagail 1 go 6, 10 go 15, agus 17 agus 18 den Phrótacal (Uimh. 7) ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'Prótacal (Uimh. 7)' anseo feasta). Léirítear tagairtí do na hairteagail chomhfhreagracha den Phrótacal sin idir lúibíní mar eolas.

AIRTEAGAL 10

Foireann shealadach agus oifigigh agus saineolaithe ar iasacht

De mhaolú ar Airteagal 12(2)(a) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, atá leagtha síos i Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA), lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile de chuid Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach[1], féadfaidh an Ghníomhaireacht, má chinneann sí amhlaidh, náisiúnaigh Eilvéiseacha ar conradh a bhfuil a gcearta iomlána acu mar shaoránaigh a fhostú. Féadfaidh an Ghníomhaireacht glacadh le saineolaithe ar iasacht ón Eilvéis.

---

1 IO 45, 14.6.1962, lch. 1385, lena n-áirítear aon leasú ina dhiaidh sin.

AIRTEAGAL 11

Cosc ar chalaois

Leagtar amach in Iarscríbhinn III na forálacha maidir le hAirteagal 95 den Rialachán a bhaineann le rialú airgeadais ag an Aontas san Eilvéis maidir le rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.

AIRTEAGAL 12

An coiste

1. Déanfaidh Coiste, ar ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach agus ón Eilvéis a bheidh air, faireachán ar chur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe seo agus áiritheoidh sé próiseas leanúnach maidir le soláthar faisnéise agus malartú tuairimí ina leith sin. Tiocfaidh sé le chéile arna iarraidh sin don Eilvéis nó don Choimisiún Eorpach. Cuirfear Bord Riaracháin na Gníomhaireachta ar an eolas faoi obair an Choiste.

Féadfaidh ionadaithe ón nGníomhaireacht a bheith in éineacht le hionadaithe an Choimisiúin Eorpaigh.

2. Reachtaíocht atá á beartú de chuid an Aontais, a dhéanann difear díreach don Rialachán nó a leasaíonn é nó a meastar go mbeidh impleachtaí aici maidir leis an ranníocaíocht airgeadais a leagtar síos in Airteagal 4 den Chomhaontú seo, déanfar faisnéis faoin reachtaíocht sin a chomhroinnt agus déanfar malartú tuairimí ina leith sa Choiste.

3. I gcomhréir le nósanna imeachta inmheánacha na bPáirtithe Conarthacha faoi seach, féadfaidh an Coiste cinneadh a ghlacadh lena leasófar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú seo.

4. I gcás leasú ar Airteagail 1 go 6, Airteagail 10 go 15, nó Airteagail 17 nó 18 den Phrótacal (Uimh. 7), leasóidh an Coiste Iarscríbhinn II dá réir sin.

AIRTEAGAL 13

Díospóidí a réiteach

Déanfar aon díospóid a bhaineann le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a réiteach trí chomhairliúcháin laistigh den Choiste dá dtagraítear in Airteagal 12.

AIRTEAGAL 14

Iarscríbhinní

Cuid dhílis den Chomhaontú seo a bheidh sna hIarscríbhinní a ghabhann leis.

AIRTEAGAL 15

Teacht i bhfeidhm

1. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha an Comhaontú seo a dhaingniú nó a fhormheas i gcomhréir lena nósanna imeachta féin. Tabharfaidh gach Páirtí Conarthach fógra don Pháirtí Conarthach eile faoi chur i gcrích na nósanna imeachta inmheánacha is gá do theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

2. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis an fhógra dheireanaigh maidir leis na hionstraimí seo a leanas:

(a) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine;

(b) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine;

(c) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar;

(d) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar;

(e) Prótacal maidir le Státchabhair a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar;

(f) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród agus de bhóthar;

(g) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród agus de bhóthar;

(h) Prótacal maidir le Státchabhair a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród agus de bhóthar;

(i) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta;

(j) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnú comhréireachta;

(k) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnú comhréireachta;

(l) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le ranníocaíocht tráthrialta airgeadais na hEilvéise chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta san Aontas Eorpach a laghdú;

(m) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gcláir de chuid an Aontais.

3. D'ainneoin mhír 1, comhaontaíonn na Páirtithe Conarthacha an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm go sealadach, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha agus lena reachtaíocht inmheánach féin, ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, más rud é go mbeidh dáta sínithe an Chomhaontaithe seo roimh an 1 Iúil 2026, nó ón 1 Eanáir den bhliain tar éis a shínithe, más tar éis an 30 Meitheamh 2026 a shíneofar an Comhaontú seo.

AIRTEAGAL 16

Athbhreithniú

Féadfar an Comhaontú seo a leasú tráth ar bith trí chomhaontú frithpháirteach na bPáirtithe Conarthacha.

AIRTEAGAL 17

Foirceannadh agus bailíocht

1. Tabharfar an Comhaontú seo i gcrích go ceann tréimhse gan teorainn.

2. Féadfaidh gach Páirtí Conarthach, tar éis comhairliúcháin laistigh den Choiste dá dtagraítear in Airteagal 12, an Comhaontú seo a fhoirceannadh trí fhógra a thabhairt don Pháirtí Conarthach eile. Scoirfidh an Comhaontú d'fheidhm a bheith aige 6 mhí tar éis dháta fála an fhógra sin.

3. Scoirfidh an Comhaontú seo de bheith i bhfeidhm an dáta a scoirfidh an Comhaontú Comhair de bheith i bhfeidhm, agus ní dhéantar foráil i bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir an Aontais maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise sa Ghníomhaireacht.

Arna dhéanamh [i/in/sa/san …], an […], i ndúblach, sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus tá gach téacs díobh barántúil.

Á FHIANÚ SIN, chuir na daoine thíos-sínithe, agus údar cuí acu chuige sin, a lámh leis an gComhaontú seo.

(Bloc na sínithe, amhail an méid seo a leanas, i ngach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais: 'Thar ceann an Aontais Eorpaigh' agus 'Thar ceann Chónaidhm na hEilvéise')

**IARSCRÍBHINN I**

RANNÍOCAÍOCHT AIRGEADAIS NA hEILVÉISE
CHUIG GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM AN gCLÁR SPÁIS

1. Beidh ranníocaíocht airgeadais na hEilvéise le hioncam na Gníomhaireachta le haghaidh bhliain N, dá dtagraítear sa Rialachán, i bhfoirm shuim na méideanna seo a leanas:

(a) ranníocaíocht oibríochtúil; agus

(b) táille rannpháirtíochta.

Beidh an ranníocaíocht oibríochtúil bunaithe ar threoir ranníoca arna sainiú mar an cóimheas idir olltáirgeacht intíre (dá ngairtear 'OTI' anseo feasta) na hEilvéise ag praghsanna an mhargaidh agus OTI an Aontais ag praghsanna an mhargaidh. Chun na críche sin, is iad na figiúirí is déanaí a bheidh ar fáil ón 1 Eanáir den bhliain ina ndéantar an íocaíocht bhliantúil de réir mar a sholáthróidh Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh (EUROSTAT) iad na figiúirí a úsáidfear le haghaidh OTI ag margadhphraghsanna na bPáirtithe Conarthacha, agus aird chuí á tabhairt ar an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhar i réimse an staidrimh, arna dhéanamh i Lucsamburg an 26 Deireadh Fómhair 2004. Má scoireann an Comhaontú sin d'fheidhm a bheith aige, is é an figiúr a ghlacfar mar OTI na hEilvéise an figiúr a bhunófar ar bhonn na faisnéise arna cur ar fáil ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE).

Ríomhfar an ranníocaíocht oibríochtúil tríd an treoir ranníoca a chur i bhfeidhm maidir leis na codanna de bhuiséad údaraithe na Gníomhaireachta atá ábhartha do rannpháirtíocht na hEilvéise, dá dtagraítear sa Rialachán, le haghaidh bhliain N.

Is éard a bheidh sa táille rannpháirtíochta bhliantúil céatadán den ranníocaíocht oibríochtúil bhliantúil arna ríomh i gcomhréir leis an bhfomhír roimhe seo. Beidh na luachanna seo a leanas ag an táille rannpháirtíochta bhliantúil:

– in 2026: 2 %

– in 2027: 3 %

– in 2028 agus sna blianta ina dhiaidh sin: 4 %.

Ó 2028 ar aghaidh, féadfaidh an Coiste leibhéal na táille rannpháirtíochta a choigeartú, i gcomhréir le hAirteagal 12(3) den Chomhaontú seo.

2. Is in euro a dhéanfar an ranníocaíocht airgeadais.

3. Aisíocfaidh an Ghníomhaireacht costais taistil agus chothaithe ionadaithe agus saineolaithe ón Eilvéis i dtaca lena rannpháirtíocht i gcruinnithe arna n-eagrú ag an nGníomhaireacht i gcomhar le cur chun feidhme oibreacha na Gníomhaireachta ar an mbonn céanna agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá i bhfeidhm faoi láthair le haghaidh saineolaithe ó Bhallstáit an Aontais.

4. I gcomhréir leis an gComhaontú seo, eiseoidh an Coimisiún Eorpach iarrataí chuig an Eilvéis ar chistí a chomhfhreagraíonn do ranníocaíocht na hEilvéise le buiséad na Gníomhaireachta. Íocfaidh an Eilvéis a ranníocaíocht airgeadais tráth nach déanaí ná 45 lá tar éis an iarraidh ar chistí a fháil.

5. Is é an toradh a bheidh ar aon mhoill ar íocaíocht ranníocaíocht na hEilvéise go n-íocfaidh an Eilvéis ús mainneachtana ar an méid atá gan íoc ón dáta dlite. Is é a bheidh sa ráta úis an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, arna fhoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ráta a bheidh i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí ina dtiteann an sprioc-am, arna mhéadú 3,5 pointe céatadáin.

________________

**IARSCRÍBHINN II**

PRIBHLÉIDÍ AGUS DÍOLÚINTÍ[1]

AIRTEAGAL 1

(a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 1 de Phrótacal (Uimh. 7))

Beidh áitribh agus foirgnimh na Gníomhaireachta dosháraithe. Beidh na háitribh agus na foirgnimh sin díolmhaithe ó chuardach, foréileamh, coigistiú nó díshealbhú. Ní bheidh maoin agus sócmhainní na Gníomhaireachta faoi réir aon bheart comhéigin riaracháin ná dlíthiúil gan údarás Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

AIRTEAGAL 2

(a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 2 de Phrótacal (Uimh. 7))

Beidh cartlann na Gníomhaireachta dosháraithe.

---

**1** Léirítear tagairtí do na hairteagail chomhfhreagracha den Phrótacal idir lúibíní mar eolas.

AIRTEAGAL 3

(a chomhfhreagraíonn d'Airteagail 3 agus 4 de Phrótacal (Uimh. 7))

1. Beidh an Ghníomhaireacht, a shócmhainní, a ioncam agus a mhaoin eile saortha ó gach cáin dhíreach.

2. Earraí agus seirbhísí a onnmhairítear chuig an nGníomhaireacht ón Eilvéis le haghaidh a n-úsáide oifigiúla nó a sholáthraítear don Ghníomhaireacht san Eilvéis, ní bheidh siad faoi réir aon dleacht indíreach ná aon cháin indíreach.

3. Tabharfar díolúine ó CBL má tá ar a laghad 100 franc Eilvéiseach (lena n-áirítear cáin) san iomlán i gceist le praghas ceannaigh iarbhír na n-earraí agus na seirbhísí a luaitear sa sonrasc nó sa doiciméad comhfhreagrach. Beidh an Ghníomhaireacht díolmhaithe ó gach dleacht chustam, ó gach toirmeasc agus ó gach srian ar allmhairí agus onnmhairí maidir le hearraí le haghaidh a húsáide oifigiúla; ní dhéanfar earraí a allmhaireofar amhlaidh a dhiúscairt, cibé acu ar íocaíocht nó nach ea, san Eilvéis, ach amháin faoi choinníollacha arna bhformheas ag rialtas na hEilvéise.

4. Deonófar an díolúine ó CBL, ó dhleacht mháil agus ó aon cháin indíreach eile trí bhíthin logha nuair a thíolacfar don soláthróir earraí nó seirbhísí na foirmeacha Eilvéiseacha arna soláthar chun na críche sin.

5. Ní dheonófar díolúine ar bith i leith cánacha agus dleachtanna nach bhfuil iontu ach táillí as seirbhísí fóntais phoiblí.

AIRTEAGAL 4

(a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 5 de Phrótacal (Uimh. 7))

Le haghaidh a cumarsáide oifigiúla agus tarchur a doiciméad uile, san Eilvéis gheobhaidh an Ghníomhaireacht an chóir a thugann an Stát sin do mhisin taidhleoireachta.

Ní bheidh comhfhreagras oifigiúil ná teachtaireachtaí oifigiúla eile de chuid na Gníomhaireachta faoi réir cinsireachta.

AIRTEAGAL 5

(a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 6 de Phrótacal (Uimh. 7))

*Laissez-passer* an Aontais a eisítear chuig comhaltaí agus seirbhísigh na Gníomhaireachta, aithneofar é mar dhoiciméid taistil bhailí laistigh de chríoch na hEilvéise. Eiseofar na *laissez-passer* sin chuig oifigigh agus seirbhísigh eile faoi choinníollacha arna leagan síos i Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais (Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA), lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO 45, 14.6.1962, lch. 1385), lena n-áirítear aon leasú ina dhiaidh sin).

AIRTEAGAL 6

(a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 10 de Phrótacal (Uimh. 7))

Na hionadaithe do Bhallstáit an Aontais a ghlacann páirt in obair na Gníomhaireacht, beidh acu féin agus ag a gcomhairleoirí agus a saineolaithe teicniúla, i gcomhlíonadh a ndualgas agus le linn a dtaistil go dtí áit an chruinnithe san Eilvéis agus uaidh, na pribhléidí, na díolúintí agus na saoráidí is gnách.

AIRTEAGAL 7

(a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 11 de Phrótacal (Uimh. 7))

Maidir le hoifigigh agus seirbhísigh eile de chuid na Gníomhaireachta, i gcríoch na hEilvéise agus cibé náisiúntacht atá acu:

(a) beidh siad díolmhaithe ó imeachtaí dlíthiúla i leith gníomhartha a rinne siad ina gcáil oifigiúil, lena n-áirítear a bhfocail labhartha nó scríofa, faoi réir fhorálacha na gConarthaí a bhaineann leis na rialacha i dtaobh freagracht oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais ar thaobh amháin, agus ar an taobh eile, le dlínse Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun breith a thabhairt ar ábhair atá faoi dhíospóid idir an tAontas agus a oifigigh agus a sheirbhísigh eile. Fanfaidh an díolúine sin acu tar éis scor dá n-oifig;

(b) ní bheidh siad féin ná a gcéilí ná daoine cleithiúnacha dá dteaghlaigh faoi réir srianta inimirce ná foirmiúlachtaí chun eachtrannaigh a chlárú;

(c) tabharfar dóibh, maidir le rialacháin airgid reatha nó mhalairte, na saoráidí céanna is gnách a thabhairt d'oifigigh eagraíochtaí idirnáisiúnta;

(d) beidh acu an ceart chun a dtroscán agus a maoin phearsanta a allmhairiú saor ó dhleacht, ag dul i mbun a bpoist i gcéaduair dóibh san Eilvéis, agus an ceart chun a dtroscán agus a maoin phearsanta a ath-onnmhairiú saor ó dhleacht ar chríochnú a ndualgas sa tír sin, ach i gceachtar cás díobh faoi réir na gcoinníollacha is riachtanach le rialtas na hEilvéise;

(e) beidh acu an ceart chun gluaisteán le haghaidh a n-úsáide pearsanta féin a allmhairiú saor ó dhleacht, más gluaisteán é a fuarthas sa tír dheiridh ina raibh cónaí orthu nó sa tír ar náisiúnaigh di iad, ar théarmaí mhargadh baile na tíre sin, agus an ceart é a ath-onnmhairiú saor ó dhleacht, ach i gceachtar cás díobh faoi réir na gcoinníollacha is riachtanach le rialtas na hEilvéise.

AIRTEAGAL 8

(a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 12 de Phrótacal (Uimh. 7))

Beidh oifigigh agus seirbhísigh eile na Gníomhaireachta faoi dhliteanas cánach, chun tairbhe don Aontas, ar thuarastail, ar phá agus ar dhíolaíochtaí a íocfaidh an Ghníomhaireacht leo, i gcomhréir leis na coinníollacha agus an nós imeachta a leagtar síos le dlí an Aontais.

Beidh siad díolmhaithe ó chánacha cónaidhme, cantúin agus pobail na hEilvéise ar thuarastail, ar phá agus ar dhíolaíochtaí arna n-íoc ag an nGníomhaireacht.

AIRTEAGAL 9

(a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 13 de Phrótacal (Uimh. 7))

Maidir le cáin ioncaim, cáin rachmais, agus dleachtanna báis a chur i bhfeidhm agus maidir le coinbhinsiúin chun cánachas dúbailte a sheachaint a tugadh i gcrích idir an Eilvéis agus Ballstáit den Aontas a chur i bhfeidhm, oifigigh agus seirbhísigh eile de chuid na Gníomhaireachta a bhunaíonn a n-áit chónaithe i gcríoch na hEilvéise chun críoch cánach tráth a théann siad isteach i seirbhís na Gníomhaireachta, mar gheall ar chomhlíonadh a ndualgas i seirbhís na Gníomhaireachta agus mar gheall air sin amháin, measfar sa Eilvéis agus sa tír shainchónaithe chun críoch cánach araon gur choinnigh siad a sainchónaí sa tír shainchónaithe sin chun críoch cánach ar choinníoll gur Ballstát den Aontas í. Bainfidh an fhoráil sin le céile freisin, sa mhéid nach bhfuil an céile sin ag gabháil go leithleach do phost sochair, agus le leanaí atá i gcleithiúnas agus faoi chúram na ndaoine dá dtagraítear san Airteagal seo.

Maoin shochorraithe le daoine dá dtagraítear sa chéad mhír agus atá san Eilvéis, beidh sí díolmhaithe ó dhleachtanna báis san Eilvéis; measfar, chun an dleacht sin a mheasúnú, an mhaoin sin a bheith sa tír shainchónaithe chun críocha cánach, faoi réir ceart tríú tíortha agus ar an gcuntar go bhféadfadh sé go gcuirfí chun feidhme forálacha coinbhinsiún idirnáisiúnta ar chánachas dúbailte.

Ní chuirfear san áireamh aon sainchónaí a fuarthas mar gheall ar dhualgais a chomhlíonadh i seirbhís eagraíochtaí idirnáisiúnta eile agus mar gheall air sin amháin agus forálacha an Airteagail seo á gcur i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 10

(a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 14 de Phrótacal (Uimh. 7))

Leagfar síos le dlí an Aontais scéim na sochar slándála sóisialta d'oifigigh agus do sheirbhísigh eile an Aontais.

Dá bhrí sin, ní bheidh sé d'oibleagáid ar oifigigh ná ar sheirbhísigh eile na Gníomhaireachta a bheith ina gcomhaltaí de chóras slándála sóisialta na hEilvéise ar choinníoll go bhfuil siad cumhdaithe cheana féin ag scéim na sochar slándála sóisialta d'oifigigh agus do sheirbhísigh eile an Aontais. Baill teaghlaigh bhaill foirne na Gníomhaireachta, ar cuid dá dteaghlaigh iad, cumhdófar iad le scéim na sochar slándála sóisialta d'oifigigh agus do sheirbhísigh eile an Aontais ar choinníoll nach bhfuil siad fostaithe ag fostóir seachas an Ghníomhaireacht agus ar choinníoll nach bhfaigheann siad sochair slándála sóisialta ó Bhallstát den Aontas ná ón Eilvéis.

AIRTEAGAL 11

(a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 15 de Phrótacal (Uimh. 7))

Cinnfear le dlí an Aontais na catagóirí oifigeach agus seirbhíseach eile de chuid na Gníomhaireachta a mbeidh feidhm ag forálacha Airteagal 7, Airteagal 8 agus Airteagal 9 maidir leo, go hiomlán nó go páirteach.

Cuirfear ainmneacha, gráid agus seoltaí na n-oifigeach agus na seirbhíseach eile a áirítear sna haicmí sin in iúl go tréimhsiúil don Eilvéis.

AIRTEAGAL 12

(a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 17 de Phrótacal (Uimh. 7))

Is chun leasa na Gníomhaireachta agus chuige sin amháin a thabharfar pribhléidí, díolúintí agus saoráidí d'oifigigh agus seirbhísigh eile de chuid na Gníomhaireachta.

Ceanglófar ar an nGníomhaireacht an díolúine a tugadh d'oifigeach nó do sheirbhíseach eile a tharscaoileadh aon uair a mheasfaidh an Ghníomhaireachta nach bhfuil tarscaoileadh na díolúine sin contrártha do leasanna na Gníomhaireachta.

AIRTEAGAL 13

(a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 18 de Phrótacal (Uimh. 7))

Chun an Iarscríbhinn seo a chur i bhfeidhm, oibreoidh an Ghníomhaireacht i gcomhar le húdaráis fhreagracha na hEilvéise nó Bhallstáit an Aontais lena mbaineann.

________________

**IARSCRÍBHINN III**

RIALÚ AIRGEADAIS
A MHÉID A BHAINEANN LE RANNPHÁIRTITHE EILVÉISEACHA
I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA

AIRTEAGAL 1

Cumarsáid dhíreach

Déanfaidh an Ghníomhaireacht agus an Coimisiún Eorpach cumarsáid dhíreach le gach duine nó gach eintiteas a bhunaítear san Eilvéis agus a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, mar chonraitheoirí, mar rannpháirtithe i gcláir na Gníomhaireachta, mar fhaighteoirí íocaíochtaí ón nGníomhaireacht nó ó bhuiséad an Aontais, nó mar fho-chonraitheoirí. An fhaisnéis agus na doiciméid ábhartha uile is gá dóibh a thíolacadh ar bhonn na n-ionstraimí dá dtagraítear sa Chinneadh seo agus ar bhonn na gconarthaí nó na gcomhaontuithe a tugadh i gcrích mar aon le haon chinntí arna nglacadh dá mbun, féadfaidh na daoine sin an fhaisnéis agus na doiciméid sin a chur go díreach chuig an gCoimisiún Eorpach agus chuig an nGníomhaireacht.

AIRTEAGAL 2

Iniúchtaí

1. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún[2] agus leis na hionstraimí eile dá dtagraítear sa Chomhaontú seo, conarthaí nó comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích agus cinntí arna ndéanamh le tairbhithe atá bunaithe san Eilvéis, féadfaidh siad foráil a dhéanamh maidir le hiniúchtaí eolaíocha, airgeadais, teicneolaíochta nó eile a bheidh le déanamh tráth ar bith ar áitreabh na dtairbhithe agus a bhfochonraitheoirí ag an nGníomhaireacht agus ag oifigigh an Choimisiúin Eorpaigh nó ag daoine eile arna n-údarú ag an nGníomhaireacht agus ag an gCoimisiún Eorpach.

2. Beidh rochtain iomchuí ag oifigigh de chuid na Gníomhaireachta agus ag oifigigh an Choimisiúin Eorpaigh agus ag daoine eile a bhfuil sainordú acu ón nGníomhaireacht agus ón gCoimisiún Eorpach, ar láithreáin, oibreacha agus ar dhoiciméid agus ar an bhfaisnéis uile is gá chun iniúchtaí den sórt sin a dhéanamh, lena n-áirítear i bhfoirm leictreonach. Déanfar an ceart rochtana sin a shonrú go sainráite sna conarthaí nó sna comhaontuithe a thabharfar i gcrích chun na hionstraimí dá dtagraítear sa Chomhaontú seo a chur chun feidhme.

3. Beidh na cearta céanna ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus atá ag an gCoimisiún Eorpach.

---

1 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

2 Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais do na comhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1).

4. Feadfaidh sé go leanfaí de na hiniúchtaí a dhéanamh go dtí 5 bliana tar éis don Chomhaontú seo dul in éag nó faoi théarmaí na gconarthaí nó na gcomhaontuithe a tugadh i gcrích agus na gcinntí a glacadh.

5. Cuirfear údarás inniúil iniúchóireachta na hEilvéise ar an eolas roimh ré faoi iniúchtaí a rinneadh ar chríoch na hEilvéise. Ní bheidh soláthar na faisnéise sin ina choinníoll dlíthiúil chun iniúchtaí den sórt sin a dhéanamh.

AIRTEAGAL 3

Seiceálacha ar an láthair

1. Faoin gComhaontú seo, údarófar don Choimisiún Eorpach agus don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh ar chríoch na hEilvéise, faoi na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[1].

2. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a ullmhú agus a chur i gcrích i ndlúthchomhar le húdaráis iniúchóireachta inniúil na hEilvéise nó le húdaráis inniúla eile na hEilvéise a cheapfaidh údaráis iniúchóireachta inniúil na hEilvéise, a dtabharfar fógra di in am trátha maidir le cuspóir, aidhm agus bonn dlíthiúil na seiceálacha agus na gcigireachtaí sin, ionas go mbeidh siad in ann an chabhair uile is gá a thabhairt. Chuige sin, féadfaidh oifigigh údaráis inniúla na hEilvéise páirt a ghlacadh sna seiceálacha agus sna cigireachtaí ar an láthair.

---

[1] Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ar an gcalaois agus ar neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/2185/oj).

3. Más mian le húdaráis na hEilvéise lena mbaineann, is féidir seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh go comhpháirteach idir an Coimisiún Eorpach agus na húdaráis sin.

4. I gcás ina gcuireann rannpháirtithe an chláir in aghaidh sheiceáil nó chigireacht ar an láthair, tabharfaidh údaráis na hEilvéise, ag feidhmiú dóibh i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta, an cúnamh is gá do chigirí an Choimisiúin Eorpaigh chun a ndualgas a chomhlíonadh agus seiceáil nó cigireacht ar an láthair á déanamh acu.

5. Tuairisceoidh an Coimisiún Eorpach a luaithe is féidir d'údarás iniúchóireachta inniúil na hEilvéise maidir le haon fhíoras nó aon amhras a bhaineann le neamhrialtacht atá tugtha faoi deara aige le linn na seiceála nó na cigireachta ar an láthair. In aon chás, ceanglaítear ar an gCoimisiún Eorpach údaráis iniúchóireachta inniúil na hEilvéise a chur ar an eolas maidir le toradh na seiceálacha agus na gcigireachtaí sin.

AIRTEAGAL 4

Faisnéis agus comhairliúchán

1. Chun críche fhorfheidhmiú mar is ceart na hIarscríbhinne seo, déanfaidh údaráis inniúla na hEilvéise agus údaráis an Aontais faisnéis a mhalartú ar bhonn rialta agus, arna iarraidh sin ag aon cheann de na Páirtithe Conarthacha, reáchtálfaidh siad comhairliúcháin.

2. Cuirfidh údaráis inniúla na hEilvéise an Ghníomhaireacht agus an Coimisiún Eorpach ar an eolas gan mhoill faoi aon fhíoras nó amhras a bheidh ann agus a bhfuil siad eolach air a bhaineann le neamhrialtacht i ndáil le tabhairt i gcrích agus cur chun feidhme na gconarthaí nó na gcomhaontuithe a tugadh i gcrích i gcur i bhfeidhm na n-ionstraimí dá dtagraítear sa Chomhaontú seo.

AIRTEAGAL 5

Rúndacht

Faisnéis a chuirtear in iúl nó a fhaightear in aon fhoirm de bhun na hIarscríbhinne seo, beidh sí faoi chumhdach na rúndachta gairmiúla agus cosnófar í ar an gcaoi chéanna a gcosnaítear faisnéis dá samhail le dlí na hEilvéise agus leis na forálacha comhfhreagracha is infheidhme maidir le hinstitiúidí an Aontais. Ní chuirfear faisnéis den sórt sin in iúl do dhaoine eile seachas iad siúd atá laistigh d'institiúidí an Aontais lena mbaineann, sna Ballstáit nó san Eilvéis a gceanglaíonn a bhfeidhmeanna orthu a bheith ar an eolas fúithi, agus ní fhéadfar í a úsáid chun críoch eile seachas chun cosaint éifeachtach ar leasanna airgeadais na bPáirtithe Conarthacha a áirithiú.

AIRTEAGAL 6

Bearta agus pionóis riaracháin

Gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí coiriúil na hEilvéise, féadfaidh an Ghníomhaireacht nó an Coimisiún Eorpach bearta agus pionóis riaracháin a fhorchur i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle[1].

[1] Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

AIRTEAGAL 7

Aisghabháil agus forfheidhmiú

Cinneadh a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht nó an Coimisiún Eorpach laistigh de raon feidhme an Chomhaontaithe seo agus lena bhforchuirtear oibleagáid airgid ar dhaoine seachas ar Stáit, beidh na cinntí sin in-fhorfheidhmithe san Eilvéis. Beidh an t-ordú maidir lena fhorfheidhmiú i gceangal leis an gcinneadh ábhartha, gan aon fhoirmiúlacht eile seachas fíorú ar bharántúlacht an chinnidh ag an údarás náisiúnta arna ainmniú chun na críche sin ag Rialtas na hEilvéise. Déanfar an forfheidhmiú i gcomhréir le dlí agus Rialacha Nós Imeachta na hEilvéise. Measfar na cinntí in-fhorfheidhmithe sin a bheith ina dteidil in-fhorfheidhmithe de réir bhrí an Achta Cónaidhme um Fhorfheidhmiú Fiachais agus Féimheacht (DEBA), agus ní bheidh siad faoi réir athbhreithnithe ar na tuillteanais os comhair chúirteanna na hEilvéise. Déanfaidh rialtas na hEilvéise a údarás náisiúnta ainmnithe chun críocha an Airteagail seo a chur in iúl don Ghníomhaireacht, don Choimisiún Eorpach agus do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Breithiúnais a thugann Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh de bhun clásal eadrána, beidh siad in-fhorfheidhmithe de réir na dtéarmaí céanna.

Beidh dlíthiúlacht ordaithe maidir le forfheidhmiú faoi réir rialú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Ach beidh dlínse ag cúirteanna na hEilvéise ar ghearáin go bhfuil an forfheidhmiú á dhéanamh ar bhealach neamhrialta.